




long



íochtar na loinge




uachtar na loinge



cnoc oighir



tóin na farraige



bád tarrthála



## An Fiosraitheoir

### Tasc 1:

Cén fáth a bhfuil an Titanic go fóill ina luí ag bun na farraige, do bharúil?

### Tasc 2:

Tá Béal Feirste i gContae Aontroma. Ainmnigh 6 chontae eile in Éirinn.



Rewarding Learning

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

24 An Titanic

Foilseachán de chuid CCEA © 2014

Curaclam Thuaisceart Éireann



# Taisce Tuisceana





## An Titanic

# An Titanic

Is beag duine nár chuala faoin Titanic. **Long** chlúiteach ollmhór a bhí ann a tógadh i mBéal Feirste níos mó ná 100 bliain ó shin. An long is mó ar an domhan a bhí ann ag an am agus ghlac sé dhá bhliain lena tógáil. Bhí an Titanic chomh mór sin go raibh linn snámha ann. Bhí sí ar cheann de na longa is mó agus is deise a bhí ann ag an am.

D'fhág sí Southampton i Sasana ar a céad turas ar an 10ú Aibreán 1912. Bhí sí ag dul go Meiriceá. Ar an bhealach, stad sí i gCorcaigh le níos mó daoine a thógáil. Nuair a d'fhág an Titanic Éire, bhí níos mó ná 2,200 duine ar bord. Bhí cuid de na daoine a bhí ar bord iontach saibhir agus bhí an chuid is fearr de na seomaí leapa acu in **uachtar na loinge**. Bhí cuid mhór daoine bochta ann fosta agus b'éigean dóibh fanacht in **íochtar na loinge**, áit nach raibh iontach deas.

Bhí an aimsir sioctha fuar agus bhuail an Titanic **cnoc oighir** ar oíche an 14ú Aibreán. Rinneadh damáiste mór don long agus bhí sí ag ligean uisce ar bord go gasta. Chuaigh sí go **tóin na farraige** cúpla uair an chloig i ndiaidh di an cnoc oighir a bhualadh. Ní raibh go leor **báid tarrthála** ann agus fuair 1522 duine bás an oíche fhuar uafásach sin. Tháinig 711 duine slán as.

Tá suim mhór ag daoine sa Titanic go fóill agus téann cuid mhór daoine go Béal Feirste le hamharc ar an áit ar tógadh í. Tá sé dochreidte go bhfuil an long féin go fóill ina luí ar thóin na farraige.

# Ceisteanna

**1. Cá háit ar tógadh an Titanic?**
(a) Southampton
(b) Béal Feirste
(c) Corcaigh

**2. Cén fáth ar stad an Titanic i gCorcaigh?**
(a) Bhí an aimsir go dona
(b) Shíl an Captaen go raibh sé i Meiriceá
(c) Le daoine a bhailiú

**3. Cá huair a bhuail an Titanic an cnoc oighir?**
(a) Ar maidin
(b) San oíche
(c) Ag am lóin

**4. Cad é a chiallaíonn an abairt 'Tháinig 711 duine slán as'?**
(a) Fuair 711 duine bás
(b) Bhí 711 duine beo
(c) D'fhág 711 duine slán

**5. Cén aidiacht is fearr a chuireann síos ar an scéal seo?**
(a) Fuar
(b) Brónach
(c) Greannmhar

**6. Cad é ábhar an scéil seo?**
(a) An fharraige
(b) Long chlúiteach a tógadh in Éirinn
(c) Laethanta saoire ar long